

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 –  
Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL) v Inspecteur van de  
Belastingdienst Utrecht**

(Cás C-644/22)

(2023/C 35/33)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Gelderland

**Páiritithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Stichting Bedrijfstakpensioensfonds voor het levensmiddelenbedrijf (BPFL)

*Cosantóir:* Inspecteur van de Belastingdienst Utrecht

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL <sup>(1)</sup> a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus “ciste infheistíochta speisialta” de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:
  - cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfeistíochta?
  - méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?
  - a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?
2. 2) An gceanglaítear leis an bprionsabal maidir le neodracht chánach, i dtaobh Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm maidir le cistí nach GCUlanna <sup>(2)</sup> iad, nach mór a mheas ní hamháin an bhfuil siad inchomparáide le GCUlanna, ach freisin, ó thaobh an gnáth-thomhaltóra de, an bhfuil siad inchomparáide le cistí eile nach GCUlanna iad ach a mheasann an Ballstát gur cistí infheistíochta speisialta iad?

<sup>(1)</sup> Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breislucha (IO 2006 L 347, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Mons (an Bheilg) an 17 Deireadh Fómhair 2022 –  
Fédération internationale de football association (FIFA) v BZ**

(Cás C-650/22)

(2023/C 35/34)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Mons

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Fédération internationale de football association (FIFA)

*Cosantóir:* BZ

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagal 45 agus 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis:

- ar phrionsabal na dlúthpháirtíochta idir an t-imreoir agus an club ar mian leo a cheangal go n-íocfaí an cúiteamh a bhí dlite don chlub lenar cuireadh deireadh leis an gconradh gan chúis chóir, mar a shonraítear in Airteagal 17.2 den RSTJ [Rialacháin maidir le Stádas agus Aistriú Imreoirí] de chuid FIFA, in éineacht leis na smachtbhannaí spóirt dá bhforáiltear in Airteagal 17.4 de na rialacháin chéanna agus leis na smachtbhannaí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 17.1;
- ar an bhféidearthacht don comhaontas ar a bhfuil iar-chlub an imreora ag brath gan an deimhniú aistrithe idirnáisiúnta, atá riachtanach le haghaidh síniú an imreora ag club nua, a eisiúint, sa chás go bhfuil díospóid ann idir an iar-chlub sin agus an t-imreoir (Airteagal 9.1 den RSTJ de chuid FIFA agus Airteagal 8.2.7 d'ianscríbhinn 3 den RSTJ sin).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, Afdeling Gent (an Bheilg) a taisceadh an 19 Deireadh Fómhair 2022 – FOD Volksgezondheid, Veiligheid van de voedselketen & Leefmilieu v Triferto Belgium NV**

(Cás C-654/22)

(2023/C 35/35)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank van eerste aanleg Oost-Vlaanderen, Afdeling Gent

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* FOD Volksgezondheid, Veiligheid van de voedselketen & Leefmilieu

*Cosantóir:* Triferto Belgium NV

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

- 1) An gcaithfear Airteagal 6(1) agus Airteagal 3, pointí 10 agus 11, de Rialachán REACH<sup>(1)</sup> a léiriú sa chaoi go bhfuil oibleagáid chlárúcháin ar dhuine a ordaíonn nó a cheannaíonn an tsubstaint ó mhonaróir atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, cé go ndéanann tríú páirtí na socruithe go léir chun an tsubstaint a thabhairt isteach go fisiciúil i gcríoch chustaim an Aontais agus go ndearbhaíonn sé freisin go bhfuil sé freagrach as sin?

Agus an cheist sin á freagairt, an mbaineann sé le hábhar nach bhfuil sa mhéid a ordaítear nó a cheannaítear ach cuid (cé go bhfuil sé níos mó ná aon tona amháin) de lastas níos mó den tsubstaint chéanna ón monaróir céanna atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach atá á thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais ag an tríú páirtí sin chun é a stóráil i dtrádstóras custaim?

- 2) An gcaithfear Airteagal 2(1)(b) de Rialachán REACH a léiriú sa chaoi nach dtagann substaint arna stóráil i dtrádstóras custaim (arna aistriú faoi nós imeachta J – Cód 71 00 i Réimse 37 den doiciméad riaracháin aonair) faoi raon feidhme Rialachán REACH ach oiread go dtí go dtógfar amach í níos déanaí agus go n-aistrefar í faoi nós imeachta custaim eile (mar shampla, scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta)?